Déan dorn le do lámh. Tá do chroí chomh beag leis sin. Tá jab fíorthabhachtach aige cé go bhfuil sé chomh beag sin. Coimeádann sé do chorp beo. Matán is ea do chroí agus bíonn sé ag teannadh isteach agus amach i gcónaí. Nuair a theannaíonn sé brúnn sé an fhuil timpeall do choirp agus tugann an fhuil seo ocsaigin go dtí gach cuid den chorp Ar an mbealach ar ais, bailíonn an fhuil rudaí nach féidir leis an gcorp a úsáid ar nós dé-ocsáid charbóin. Taistealaíonn fuil timpeall do chorp i bhfuileadáin ata ceangailte leis an gcroí. Déanann an croí fuaim gach uair theannaíonn sé agus buille croí nó cuisle is ainm don fhuaim sin. Bai-neann dochtúirí úsáid as steiteascóp leis an gcuisle a chloisteáil.

**Cleachtaí:**

Líon na bearnaí:

1. Buaileann do chroí ______________ tar éis aclaíochta.
2. Tá do chroí ________ do chliabhrach.
3. Úsáideann dochtúirí __________ chun éisteacht le do chroí.
4. Tugann an fhuil ó do chroí ocsaigin _______ gach cuid den chorp.

## FOCLÓIR

Cuisle

Fuileadáin

Ag teannadh

Ocsaigin

Dé-oscáid charbóin

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ

*Turgnamh—Cad a tharlaíonn do mo chroí nuair a dhéanaim aclaíocht?*

1. Comhair an méid buillí a dhéanann do chroí i 15 soicind. Úsáid do mhéaracha chun é seo a dhéanamh.
2. Méadaigh an uimhir faoi 4 agus faigh amach cé mhéad uair a bhuaileann do chroí i nóiméad amháin.
3. Rith ar an spota ar feadh nóiméad amháin.
4. Stop agus tóg do chuisle arís. An bhfuil aon difríocht ann?



GMC

Erasmus+